Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

P9_TA(2022)0309

Tuarascáil eatramhach ar thogra 2021 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2022 ar thogra 2021 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (COM(2021)0569 – 2021/0429R(APP))

(2023/C 125/20)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagail 310, 311, 312 agus 323 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (COM(2021)0569),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta (COM(2021)0568),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([1]) ("IIA"),

— ag féachaint do Riail 105(5) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil eatramhach ón gCoiste um Buiséid (A9-0227/2022),

A. de bhrí go bhfuil dlúthbhaint idir tograí ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 chun an chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse do bhuiséad an Aontais a bhunú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil ("CAI") don tréimhse 2021-2027 leis an bpacáiste "Oiriúnach do 55" a cuireadh ar aghaidh an 14 Iúil 2021;

B. de bhrí, de bhun Airteagal 311 CFAE, nach mór don Aontas na hacmhainní a sholáthar dó féin chun a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid beartas a chur i gcrích;

C. de bhrí, i gcomhréir le seasamh seanbhunaithe na Parlaiminte, go gcaithfear gealltanais agus cuspóirí beartais nua a mheaitseáil le hairgead úr, agus nach bhfuil siad le maoiniú ar chostas chláir agus thosaíochtaí eile de chuid an Aontais;

D. de bhrí gur ceanglas Conartha é an Ciste Aeráide Sóisialta a ionchorprú go hiomlán i mbuiséad an Aontais trí bhíthin Airteagal 310(1) CFAE agus gur réamhriachtanas é chun, *inter alia*, an modh Comhphobail a urramú, cuntasacht, maoirseacht agus rialú parlaiminteach a ráthú, intuarthacht an chistithe agus an chlársceidealaithe ilbhliantúil a áirithiú, agus trédhearcacht na gcinntí buiséadacha a dhéantar ar leibhéal an Aontais a chosaint;

E. de bhrí, i gcás méadú ar an bpraghas carbóin i gcomparáid leis an toimhde tosaigh, gur cheart leithdháileadh breise a chur ar fáil don Chiste Aeráide Sóisialta ar bhonn bliantúil i gcomhréir leis an ráta méadaithe ar an bpraghas carbóin, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha agus d'úsáideoirí leochaileacha iompair san aistriú i dtreo na haeráidneodrachta; de bhrí gur cheart go gcuimseofaí na treisiúcháin bhliantúla sin laistigh de CAI trí bhíthin coigeartú uathoibríoch luaineachta i bpraghsanna carbóin ar uasteorainn cheannteideal 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol" agus ar an uasteorainn íocaíochta;

F. de bhrí, de bhun Airteagal 312(5) CFAE, agus mar a shainmhínítear tuilleadh in IIA, go bhfuil sé de cheangal ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh chun go n-éascófar glacadh CAI nua nó athbhreithnithe;

([1]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

1. ag cur a seasaimh in iúl maidir le togra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 amháin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar CAI 2021-2027, agus, ar an gcaoi sin, ag roghnú cur chuige spriocdhírithe atá teoranta dá seasamh ar an bpacáiste "Oiriúnach do 55" agus i gcomhréir iomlán leis;

2. á chur in iúl, áfach, go bhfuil gá le hathbhreithniú níos leithne ar an CAI reatha toisc go raibh a theorainneacha imithe go dtí an dóbair sa chéad bhliain cheana féin; ag tabhairt aird ar na géarchéimeanna agus na dúshláin iomadúla a bhfuil aghaidh á tabhairt ag an Aontas orthu, go háirithe an cogadh san Úcráin agus na hiarmhairtí a bhaineann leis, agus na riachtanais mhaoinithe shuntasacha a d'eascair as; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, athbhreithniú domhain a dhéanamh ar fheidhmiú an CAI reatha agus leanúint ar aghaidh le togra reachtach le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach ar CAI a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an chéad ráithe de 2023; á chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici tuilleadh mionsonraí a thabhairt maidir lena hiarrataí ar an athbhreithniú sin i dtuarascáil thiomnaithe;

3. á chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le hionchorprú an Chiste Aeráide Sóisialta i mbuiséad an Aontais agus in CAI mar chuid dá seasamh seanbhunaithe go n-áireofar na cláir agus na cistí uile de chuid an Aontais sa bhuiséad; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an togra ón gCoimisiún mar thúsphointe maidir le méadú a dhéanamh ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá faoi cheannteideal 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol" agus ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ar réamhchoinníoll riachtanach é ionas nach ndéanfar dochar do chláir agus do thosaíochtaí eile de chuid an Aontais le maoiniú an Chiste Aeráide Sóisialta;

4. á chur i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil gá le roinnt modhnuithe chun seasamh na Parlaiminte maidir leis an bpacáiste "Oiriúnach do 55" a léiriú, lena n-áirítear maidir le himchlúdach airgeadais athbhreithnithe an Chiste Aeráide Sóisialta, ina léirítear na forálacha ábhartha i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) arna leasú;

5. ag tacú leis an togra maidir le coigeartú bliantúil sonrach bunaithe ar acmhainní dílse nua; á mheas go bhfuil sé i gcomhréir leis an bprionsabal, mar a leagtar amach in IIA, nár cheart go dtiocfadh laghdú míchuí ar chaiteachas cláir nó ar ionstraimí infheistíochta faoi CAI mar thoradh ar chaiteachas ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh a bhaineann le haisíoc Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, agus ag cloí le prionsabal buiséadach uilíocht an ioncaim ag an am céanna; á athdhearbhú, dá bhrí sin, go bhfuil an coigeartú bliantúil sin ag brath ar acmhainní dílse nua a thabhairt isteach i gcomhréir leis an treochlár a leagtar amach in IIA;

6. á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na moltaí agus na modhnuithe seo a leanas a chur san áireamh:

(i) ba cheart tionchar imchlúdach airgeadais athbhreithnithe an Chiste Aeráide Sóisialta a léiriú ar fud an Rialacháin seo, lena n-áirítear san iarscríbhinn a ghabhann leis;

(ii) ba cheart coigeartú teicniúil uathoibríoch ar na huasteorainneacha do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá faoi cheannteideal 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol" agus an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcuirfear leithdháiltí breise ar fáil don Chiste Aeráide Sóisialta i gcás ina méadófar praghas carbóin go leibhéal atá níos airde ná an toimhde tosaigh;

(iii) ba cheart an coigeartú bliantúil sonrach bunaithe ar acmhainní dílse nua a leasú chun a áirithiú gur féidir síneadh a chur leis i gcás ina mbeidh moill ar ghlacadh CAI ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 312(4) CFAE;

(iv) ba cheart an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle a mhodhnú mar a leanas:

([2]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Modhnú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(3) D'fhéadfadh tionchair shóisialta ghearrthéarmacha a bheith mar thoradh ar thrádáil astaíochtaí AE a thabhairt isteach le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar, mar a leagtar amach i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]). Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, bunaíodh ([15]), le Rialachán (AE) [XXX] final ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Ciste Aeráide Sóisialta, a bheadh le maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart, dá bhrí sin, an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi cheannteideal 3, "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol", agus an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a oiriúnú le haghaidh na mblianta 2025, 2026 agus 2027.	(3) D'fhéadfadh tionchair shóisialta ghearrthéarmacha a bheith mar thoradh ar thrádáil astaíochtaí AE a thabhairt isteach le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar, mar a leagtar amach i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]). Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, bunaíodh, le Rialachán (AE) [XXX] final ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), Ciste Aeráide Sóisialta, a bheadh le maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart, dá bhrí sin, an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi cheannteideal 3, "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol", agus an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a oiriúnú le haghaidh na mblianta ***2024,*** 2025, 2026 agus 2027. ***I gcás ina mbeidh praghas níos airde carbóin ann i gcomparáid leis an toimhde tosaigh, ba cheart leithdháileadh breise a chur ar fáil don Chiste Aeráide Sóisialta ar bhonn bliantúil i gcomhréir leis an ráta méadaithe ar an bpraghas carbóin, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha agus d'úsáideoirí leochaileacha iompair san aistriú i dtreo na haeráidneodrachta. Ba cheart go gcuimseofaí na treisiúcháin bhliantúla sin laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil trí bhíthin coigeartú uathoibríoch luaineachta i bpraghsanna carbóin ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi cheannteideal 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol", agus ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.***

([14]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

([15]) IO […], […], lch. […].

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Modhnú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
	(3a) Ba cheart go dtíolacfadh an Coimisiún togra le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil nua roimh an 1 Iúil 2025 chun go gcuirfear ar chumas na n-institiúidí é a ghlacadh in am is i dtráth sula gcuirfear tús leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil ina dhiaidh sin. I gcomhréir le hAirteagal 312(4) CFAE, na huasteorainneacha agus na forálacha eile, lena n-áirítear na coigeartuithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil a leagtar amach i gCaibidil 2, a chomhfhreagraíonn don bhliain dheireanach den chreat airgeadais ilbhliantúil a leagtar amach sa Rialachán seo, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu i gcás nach nglacfar creat airgeadais ilbhliantúil nua roimh dheireadh théarma den chreat airgeadais ilbhliantúil a leagtar síos sa Rialachán seo.

Modhnú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1– mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(1) ***in*** Airteagal 4***, cuirtear an méid seo*** a leanas ***in ionad mhír 4***:	(1) ***leasaítear*** Airteagal 4 ***mar*** a leanas:
	(a) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas léi:
	"(f) ríomh na leithdháiltí breise bunaithe ar luaineacht i bpraghsanna carbóin agus ar thoradh an choigeartaithe bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 4b";
	(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
"4. Gan dochar d'Airteagail 4a, 6 agus 7, ní dhéanfar aon choigeartú teicniúil eile i ndáil leis an mbliain lena mbaineann, le linn na bliana nó mar cheartúcháin ex post sna blianta ina dhiaidh sin.";	"4. Gan dochar d'Airteagail 4a, ***4b,*** 6 agus 7, ní dhéanfar aon choigeartú teicniúil eile i ndáil leis an mbliain lena mbaineann, le linn na bliana nó mar cheartúcháin *ex post* sna blianta ina dhiaidh sin.";

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Modhnú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(2) cuirtear ***isteach an tAirteagal 4a*** seo a leanas:	(2) Cuirtear ***na hAirteagail*** seo a leanas ***isteach***:
"Airteagal 4a	"Airteagal 4a
Coigeartú bliantúil sonrach bunaithe ar acmhainní dílse nua	Coigeartú bliantúil sonrach bunaithe ar acmhainní dílse nua
1. Ag tosú in 2024, tar éis na cuntais shealadacha don bhliain n-1 a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 245(3) den Rialachán Airgeadais, déanfar coigeartú suas ar an uasteorainn ***caiteachais*** do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi fho-cheannteideal 2b agus ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain reatha.	1. Ag tosú in 2024, tar éis na cuntais shealadacha don bhliain n-1 a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 245(3) den Rialachán Airgeadais, déanfar coigeartú suas ar an uasteorainn ***chaiteachais*** do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi fho-cheannteideal 2b agus ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain reatha.
2. Na méideanna seo a leanas a bheidh i gceist leis an gcoigeartú bliantúil sin:	2. Na méideanna seo a leanas a bheidh i gceist leis an gcoigeartú bliantúil sin:
(a) le haghaidh na mblianta 2024, 2025 agus 2026, méid atá coibhéiseach leis an ioncam a cuireadh isteach sna cuntais shealadacha dá dtagraítear i mír 1 a eascraíonn as na hacmhainní a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointí (e), (f) agus (g), den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.	(a) le haghaidh na mblianta 2024, 2025 agus 2026, méid atá coibhéiseach leis an ioncam a cuireadh isteach sna cuntais shealadacha dá dtagraítear i mír 1 a eascraíonn as na hacmhainní a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointí (e), (f) agus (g), den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.
(b) le haghaidh na bliana 2027, méid atá coibhéiseach leis an ioncam a cuireadh isteach sna cuntais shealadacha dá dtagraítear i mír 1 a eascraíonn as na hacmhainní a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointí (e), (f) agus (g), den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, laghdaithe faoi mhéid socraithe de EUR ***8 000*** milliún (i bpraghsanna 2018).	(b) le haghaidh na bliana 2027, méid atá coibhéiseach leis an ioncam a cuireadh isteach sna cuntais shealadacha dá dtagraítear i mír 1 a eascraíonn as na hacmhainní a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointí (e), (f) agus (g), den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, laghdaithe faoi mhéid socraithe de EUR ***2 800*** milliún (i bpraghsanna 2018).
Ní rachaidh na coigeartuithe bliantúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír thar EUR 15 bhilliún (i bpraghsanna 2018) in aghaidh na bliana le haghaidh na mblianta 2024 go 2027.	Ní rachaidh na coigeartuithe bliantúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír thar EUR 15 bhilliún (i bpraghsanna 2018) in aghaidh na bliana le haghaidh na mblianta 2024 go 2027.
3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na gcoigeartuithe bliantúla dá dtagraítear i mír 2 in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de 15 lá tar éis na cuntais shealadacha don bhliain n-1 a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 245(3) den Rialachán Airgeadais.";	3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na gcoigeartuithe bliantúla dá dtagraítear i mír 2 in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de 15 lá tar éis na cuntais shealadacha don bhliain n-1 a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 245(3) den Rialachán Airgeadais.';
	Airteagal 4b
	Coigeartú bliantúil sonrach bunaithe ar luaineacht i bpraghsanna carbóin
	1. Ag tosú in 2025, déanfar coigeartú suas bliantúil ar an uasteorainn chaiteachais do na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi cheannteideal 3 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol' agus ar an uasteorainn do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain reatha i gcás inar mó an meánphraghas carbóin a ríomhfar i mbliain n-1 ná an toimhde tosaigh.
	2. Beidh an coigeartú suas bliantúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo coibhéiseach leis an méid a ríomhfar tríd an leithdháileadh bliantúil a thagann as an imchlúdach airgeadais a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta a iolrú faoin gcéatadán faoinar sháraigh an meánphraghas carbóin arna ríomh i mbliain n-1 an toimhde tosaigh.";

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Modhnú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(3) in Airteagal 11(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:	(3) in Airteagal 11(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
"Na méideanna a fhreagraíonn do na coigeartuithe suas dá dtagraítear in Airteagal 4a(1) agus sa dara fomhír d'Airteagal 5 (2), beidh siad sa bhreis ar na huasmhéideanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.";	"Na méideanna a fhreagraíonn do na coigeartuithe suas dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)***, Airteagal 4b*** agus sa dara fomhír d'Airteagal 5(2), beidh siad sa bhreis ar na huasmhéideanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.";

Modhnú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Modhnú*
(4) Cuirtear an ***téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo*** in ionad Iarscríbhinn I.	(4) Cuirtear an ***méid seo a leanas*** in ionad Iarscríbhinn I:

"IARSCRÍBHINN I

AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (AE-27)

(EUR milliún – i bpraghsanna 2018)

LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán 2021-2027
1. An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	**19 712**		**19 133**	**18 633**	**18 518**	**18 646**	**18 473**	**133 326**
2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	**49 741**	**51 920**	**52 194**	**53 954**	**55 182**	**56 787**	**58 809**	**378 587**
2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	45 411	45 951	46 493	47 130	47 770	48 414	49 066	330 235
2b. Athléimneacht agus Luachanna	4 330	5 969	5 701	6 824	7 412	8 373	9 743	48 352
3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	**55 242**	**52 214**	**51 489**	**[50 617]**	**[51 895]**	**[58 064]**	**[56 947]**	**[376 468]**
Áirítear leis sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	38 040	37 544	37 604	36 983	36 373	35 772	35 183	257 499
4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	**2 324**	**2 947**	**3 164**	**3 282**	**3 672**	**3 682**	**3 736**	**22 807**
5. Slándáil agus Cosaint	**1 700**	**1 725**	**1 737**	**1 754**	**1 928**	**2 078**	**2 263**	**13 185**
6. An Chomharsanacht agus an Domhan	**15 309**	**15 522**	**14 789**	**14 056**	**13 323**	**12 592**	**12 828**	**98 419**
7. An Riarachán Poiblí Eorpach	**10 021**	**10 215**	**10 342**	**10 454**	**10 554**	**10 673**	**10 843**	**73 102**
Áirítear leis sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	7 742	7 878	7 945	7 997	8 025	8 077	8 188	55 852
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**154 049**	**154 754**	**152 848**	**[152 750]**	**[155 072]**	**[162 522]**	**[163 899]**	**[1 095 894]**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ	**156 557**	**156 322**	**149 936**	**[149 936]**	**[152 112]**	**[159 068]**	**[158 722]**	**[1 082 652]".**

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

7. á chur in iúl go bhfuil sí réidh le dul i mbun caibidlíochta chun feabhas a chur ar an togra ón gCoimisiún;

o

o o

8. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.